# EOLAS TÁBHACHTACH – LÉIGH GO CÚRAMACH

**Gráid:**
40% an pasmharc do gach modúl don SCG & OCG.

Tá do thoradh do gach modúil sa cholún 'Iomlán' ar an trascríbhínn. Tá an marc seo tugtha mar chéatadán. Tá briseadh síos ar an nGné Phraiticiúil tugtha chomh maith.

| A | B | C | D | E | F |
|---|---|---|---|---|---|
| 100-85 | 84-70 | 69-55 | 54-40 | 39-25 | 24-0 |

**SA PHOSTAS SEO:**
1 Trascríbhinn na dTorthaí
2 Eolas Tábhachtach.

**AR FÁIL AG www.ilrweb.ie**
A Staitisticí SCG & OCG Cáisc 2024
B Míniúchán ar an bPróiseas achomhairc agus breathnú ar scripteanna
C Foirm Iarratais ar Theastas Críochnaithe don Cháilíocht sa Ghaeilge
D Foirm Iarratais don Atriail
E Foirm do Chuairt Scoile.

**TEASTAS CRÍOCHNAITHE DON CHÁILÍOCHT SA GHAEILGE:**
Tá sé éigeantach d'iarrthóirí a bhfuil na modúil go léir den SCG & d'OCG agus an Cúrsa Gaeltachta críochnaithe acu iarratas a sheoladh anois chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge ar theastas críochnaithe chun sonraí a aistriú chuig an Chomhailre Mhúinteoireachta.
Tá foirm iarratais ar fáil ag www.ilrweb.ie.
**NB: Ní féidir do shonraí comhlánaithe a aistriú chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ach amháin nuair a chomhlánaíonn tú foirm Iarratais ar Theastas Chríochnaithe.**

**AG ATHDHÉANAMH MODÚIL:**
Caithfidh gach iarrthóir a fhaigheann marc de 39% nó níos lú sa cholún "Iomlán" an modúl sin a athdhéanamh. Is féidir an marc don Ghné Phraiticiúil a iompar ar aghaidh má bhaineann tú pas amach sa chuid sin.

Tugtar toradh "Teip/Neamhchríochnaithe" d'iarrthóirí nach mbíonn an Ghné Phraiticiúil ar fad críochnaithe acu. Sa chás sin, caithfidh an t-iarrthóir **gach cuid** den mhodúl a athdhéanamh (an Ghné Phraiticiúil agus an Páipéar Scríofa).

Beidh na hatrialacha do na Gnéithe Praiticiúla ar siúl d'iarrthóirí a chaithfidh, nó ar mian leo, tabhairt faoin gcuid sin a luaithe agus atá sé praiticiúil.

Ní bhfaighidh tú fógra trí seachtaine an t-am seo, ach gheobhaidh tú glao gutháin ó d'fheitheoir chomh luath agus is féidir chun am agus lá a shocrú don chuairt scoile.

Tá sé riachtanach go gcuirfidh tú an fhoirm atrialach agus an fhoirm do chuairt scoile ar ais chugainn láithreach má tá Gné Phraiticiúil á hathdhéanamh agat (ar fáil ag www.ilrweb.ie).

**AG BREATHNÚ AR SCRIPTEANNA:**
Is féidir le hiarrthóirí a bhfuil 0-39 bainte amach acu i modúl agus a dteastaíonn uathu breathnú ar a ngrád/script, ríomhphost a sheoladh chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (chuig **viewing.scgocg@protonmail.com**) ag tabhairt d'ainm, SCG nó OCG, uimhir scrúdaithe/mheasúnaithe agus an mhír/na míreanna ar mhaith leat soiléiriú a fháil orthu.
Cuir BREATHNÚ mar theideal ar do ríomhphost. Gheobhaidh tú freagra uathoibríoch.

Is é an spriocdháta d'iarratais trí ríomhphost chun breathnú ar scripteanna a lorg ná, **Céadaoin 8 Bealtaine, 2024 ag 5.00 i.n.**.

Ní ghlacfar le ríomhphoist tar éis an dáta sin. Níl an breathnú ar ghrád/script ar fáil ach amháin le haghaidh gráid do modúl sa raon 0 – 39 %.

Beidh an Breathnú ar Scripteanna ar siúil ar an Satharn 11 Bealtaine, 2024, in Institiúid Oideachais Marino, D09R232 ó 10.00 go 12.00.

**ACHOMHARC A LORG AR THORTHAÍ (TÁILLE le hÍOC):**
Más mian leat achomharc a dhéanamh ar aon mhír beidh ort ríomhphost a sheoladh chuig Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge (chuig **appeals.scgocg@protonmail.com**) ag tabhairt d'ainm, SCG nó OCG, uimhir scrúdaithe /mheasúnaithe agus an mhír/na míreanna ar mhaith leat achomharc a lorg uirthi /orthu. Cuir ACHOMHARC mar theideal ar do ríomhphost. Gheobhaidh tú freagra uathoibríoch
Beidh táille le híoc ar-líne ag www.ilrweb.ie.

Is é an spriocdháta don ríomhphost ag lorg achomhairc ná, an Luan, 20 Bealtaine, 2024.
Ní ghlacfar le ríomhphoist tar éis an dáta seo. Ní gá duit breathnú ar do script a lorg chun achomharc a lorg.

**AN SCRÚDÚ ATRIALACH:**
Reáchtáilfear an Scrúdú Atrialach Déardaoin, 22 & Aoine, 23, Lúnasa 2024.
Caithfidh foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith istigh roimh **5.00 i.n., an Aoine, 10 Meitheamh 2024**. **NÍ GHLACFAR LE hIARRATAIS TAR ÉIS AN DÁTA SIN**. Moltar duit na foirmeacha atrialacha a sheoladh ar ais láithreach. Tá foirmeacha iarratais don scrúdú atrialach ar fáil ag www.ilrweb.ie

**DÁTAÍ TÁBHACHTACHA:**

| | |
|---|---|
| **Céadaoin, 8 Bealtaine, 5.00i.n.** | **Spriocdháta d'iarratais chun breathnú ar Scripteanna a lorg** |
| **Satharn, 11 Bealtaine, 10.00-12.00** | **Breathnú ar scripteanna in Institiúid Oideachais Marino, D09R232.** |
| **Luan, 20 Bealtaine, 5.00i.n.** | **Spriocdháta d'iarratais ag lorg Achomhairc.** |
| **Máirt, 4 Meitheamh** | **Torthaí Achomhairc sa phost ó Marino (*dáta sealadach)** |
| **Aoine, 10 Meitheamh 5.00i.n.** | **Spriocdháta chun clárú don Scrúdú Atrialach** (Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta seo) |
| **17 – 21 Meitheamh** | **Atriail sna Gnéithe Praiticiúla** |
| **Déardaoin 22 & Aoine 23 Lúnasa** | **Scrúduithe Atrialacha SCG & OCG – Marino** |
| **An Luan, 2 Meán Fómhair** | **Clárúchán don SCG & OCG 24/25 oscailte. Beidh foirmeacha ar fáil ag www.ilrweb.ie** |
| **An Luan, 23 Meán Fómhair** | **Torthaí na nAtrialacha sa phost ó Marino (*dáta sealadach)** |

**IARRATAIS DON SCG & D' OCG 2024/25:**
Beidh foirmeacha iarratais ar fáil le híoslódáil ó www.ilrweb.ie ó 2 Meán Fómhair, 2024, ar aghaidh.